*Uimhir* 42 *de* 2019

# An tAcht um Thiarnaí Talún agus Tionóntaí (Bunchíosanna) (Leasú), 2019

[*An tiontú oifigiúil*]

*Uimhir* 42 *de* 2019

# AN tACHT UM THIARNAÍ TALÚN AGUS TIONÓNTAÍ (BUNCHÍOSANNA) (LEASÚ), 2019

[*An tiontú oifigiúil*]

CLÁR AN ÁBHAIR

Alt


1. Míniú
2. Leasú ar alt 3 d’Acht 1978
3. Leasú ar alt 9 d’Acht 1978
4. Leasú ar alt 10 d’Acht 1978
5. Leasú ar alt 15 d’Acht 1978
6. Leasú ar an Acht Luachála, 2001
7. Gearrtheideal, comhlua agus tosach feidhme

## Na hAchtanna dá dTagraítear

An tAcht um Thiarnaí Talún agus Tionóntaí (Bunchíosanna) (Uimh. 2), 1978 (Uimh. 16)

An tAcht um Thiarnaí Talún agus Tionóntaí (Bunchíosanna), 1967 (Uimh. 3)

Na hAchtanna um Thiarnaí Talún agus Tionóntaí, 1967 go 2008

An tAcht Luachála, 2001 (Uimh. 13)

Na hAchtanna Luachála, 2001 go 2015

*Uimhir* 42 *de* 2019

# AN tACHT UM THIARNAÍ TALÚN AGUS TIONÓNTAÍ (BUNCHÍOSANNA) (LEASÚ), 2019

[*An tiontú oifigiúil*]

Acht do leasú an Achta um Thiarnaí Talún agus Tionóntaí (Bunchíosanna) (Uimh. 2), 1978; do leasú an Achta Luachála, 2001; agus do dhéanamh socrú i dtaobh nithe gaolmhara.

[21 *Nollaig* 2019]

**Achtaítear ag an Oireachtas mar a leanas:**

**Míniú**

**1.** San Acht seo—

ciallaíonn "Acht 1967" an tAcht um Thiarnaí Talún agus Tionóntaí (Bunchíosanna), 1967;

ciallaíonn "Acht 1978" an tAcht um Thiarnaí Talún agus Tionóntaí (Bunchíosanna) (Uimh. 2), 1978.

**Leasú ar alt 3 d'Acht 1978**

**2.** Leasaítear alt 3 d'Acht 1978 tríd an míniú seo a leanas a chur isteach i ndiaidh an mhínithe ar "Acht 1967":

"ciallaíonn 'Acht 2001' an tAcht Luachála, 2001;".

**Leasú ar alt 9 d'Acht 1978**

**3.** Leasaítear alt 9 d'Acht 1978—

(a) i bhfo-alt (1)—

(i) tríd an mír seo a leanas a chur in ionad mhír (b):

"(b) i gcás gurb éard atá sna buanfhoirgnimh, go hiomlán nó go páirteach, athrú nó athfhoirgniú, gurbh é an t-athrú nó an t-athfhoirgniú ba chúis lena sainghnéithe bunaidh a bhaint de na foirgnimh sin;",

agus

(ii) tríd an mír seo a leanas a chur in ionad mhír (c):

"(c) nach contrártha d'aon chúnant sa léas a tógadh na buanfhoirgnimh agus, más infheidhme, aon athrú nó athfhoirgniú dá dtagraítear i mír (b) agus ba chúis lena sainghnéithe bunaidh a bhaint de na foirgnimh sin; agus",

(b) trí fho-alt (2) a scriosadh, agus

(c) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (5):

"(6) Chun críocha fho-alt (1)(b) nó (c), le linn don eadránaí breithniú a dhéanamh i dtaobh ar baineadh a sainghnéithe bunaidh de na buanfhoirgnimh—

(a) féadfaidh sé nó sí aird a bheith aige nó aici ar gach ceann nó ar aon cheann de na nithe seo a leanas—

(i) athrú ar úsáid na bhfoirgneamh,

(ii) méid aon athraithe nó athfhoirgnithe,

(iii) athrú ar chineál na bhfoirgneamh, agus

(iv) cibé ní eile a mheasfaidh an t-eadránaí is iomchuí, agus

(b) ní dhiúltóidh sé nó sí a chinneadh gur baineadh a sainghnéithe bunaidh de na foirgnimh de bhíthin amháin go bhfuil cuid nó codanna de na foirgnimh bhunaidh inaitheanta ar dháta seirbheála fógra faoi alt 4 d'Acht 1967 á rá go bhfuiltear chun an feo simplí a fháil nó ar dháta iarratais faoi Chuid III, de réir mar a bheidh.".

**Leasú ar alt 10 d'Acht 1978**

**4.** (1) Leasaítear alt 10 d'Acht 1978—

(a) i gcoinníoll 1, trí "na buanfhoirgnimh, nó cibé cinn de na buanfhoirgnimh sin ba chúis lena sainghnéithe bunaidh a bhaint de na foirgnimh," a chur in ionad "na buanfhoirgnimh",

(b) tríd an gcoinníoll seo a leanas a chur in ionad choinníoll 2—

"2. gur léas é go ceann téarma nach giorra ná caoga bliain agus gur lú méid bliantúil an chíosa nó an chíosa is mó a forchoimeádadh faoi (cibé acu a fuasclaíodh nó nár fuasclaíodh é aon tráth) ná méid luacháil inrátaithe na maoine agus nárbh é an léasóir ná aon uasléasóir ná aon réamhtheachtaithe i dteideal dá gcuid a thóg na buanfhoirgnimh ar an talamh a forléasadh leis an léas, ar choinníoll—

(a) go dtoimhdeofar, go dtí go gcruthófar a mhalairt, nár tógadh na buanfhoirgnimh amhlaidh,

(b) nach measfar go bhfolaíonn tagairt sa choinníoll seo agus in alt 15(1)(e) do 'réamhtheachtaithe i dteideal' tagairt d'aon léasaí roimhe sin ar an talamh a forléasadh leis an léas, agus

(c) go gciallaíonn "luacháil inrátaithe", sa choinníoll seo agus in alt 15(1)(d)(i)—

(i) i ndáil le maoin a bhféadfaidh an Coimisinéir Luachála deimhniú a eisiúint faoi alt 67 d'Acht 2001 ina leith, luacháil

inrátaithe na maoine sin arna lua i ndeimhniú arna eisiúint amhlaidh, agus

(ii) i ndáil le maoin, seachas maoin a thagann faoi réim chlásal (i), luacháil inrátaithe na maoine sin arna lua i ndeimhniú arna eisiúint faoi alt 67A d'Acht 2001;",

agus

(c) i gcoinníoll 5(a), trí "luacháil inrátaithe na maoine ar dháta deonaithe an léasa arna lua i gcóipshliocht deimhnithe, arna eisiúint faoi alt 67B d'Acht 2001, as liosta luachála a bhí ar marthain ar dháta an deonaithe sin" a chur in ionad "luacháil inrátaithe na maoine ar dháta an léasa a dheonú".

(2) Beidh feidhm ag na leasuithe ar alt 10 d'Acht 1978 a dhéantar le *fo-alt (1)(b)* i gcás go seirbheálfar fógra faoi alt 4 d'Acht 1967 á rá go bhfuiltear chun an feo simplí a fháil nó go ndéanfar iarratas faoi Chuid III d'Acht 1978 tar éis an 5 Samhain 2019.

**Leasú ar alt 15 d'Acht 1978**

**5.** (1) Leasaítear alt 15(1)(d) d'Acht 1978, i gclásal (i), trí na focail "ar dháta an fhógra rúin sin, nó an iarratais sin, a sheirbheáil" a scriosadh.

(2) Beidh feidhm ag an leasú ar alt 15 d'Acht 1978 a dhéantar le *fo-alt (1)* i gcás go seirbheálfar fógra faoi alt 4 d'Acht 1967 á rá go bhfuiltear chun an feo simplí a fháil nó go ndéanfar iarratas faoi Chuid III d'Acht 1978 tar éis an 5 Samhain 2019.

**Leasú ar an Acht Luachála, 2001**

**6.** Leasaítear an tAcht Luachála, 2001 trí na hailt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 67:

**"Maoin nach dtagann faoi réim Sceideal 4 a luacháil chun críoch áirithe**

**67A.** (1) Féadfaidh an Coimisinéir, i ndáil le maoin nach dtagann faoi réim Sceideal 4 agus chun críocha choinníoll 2 d'alt 10 agus alt 15(1)(d)(i) d'Acht 1978, ar iarratas chuige sin a bheith déanta chuige nó chuici ag duine ar dealraitheach don Choimisinéir leas leordhóthanach a bheith aige nó aici sa ní, a chur faoi deara luach na maoine a chinneadh de réir fho-alt (2).

(2) Má tá luach maoine le cinneadh chun críocha fho-alt (1), déanfar an cinneadh sin faoi threoir luachanna maoine inchomparáide eile, de réir mar a bhí siad ar liosta luachála láithreach (ar leith uathu sin a bheidh ar liosta luachála arna fhoilsiú faoin Acht seo) a bhaineann leis an limistéar údaráis rátúcháin ina bhfuil an mhaoin sin suite.

(3) Measfar gurb é luach na maoine arna chinneadh de réir fho-alt (2) luacháil inrátaithe na maoine chun na gcríoch dá dtagraítear i bhfo-alt (1).

(4) Déanfaidh an Coimisinéir deimhniú ina luafar luach na maoine arna chinneadh faoi fho-alt (2) a eisiúint chuig an duine a mbeidh an t-iarratas déanta aige nó aici faoi fho-alt (1).

(5) Aon tagairt san alt seo do dheimhniú arna eisiúint ag an gCoimisinéir, folaíonn sí tagairt do dheimhniú arna eisiúint ag duine a bheidh údaraithe go cuí ag an gCoimisinéir chun deimhniú a eisiúint amhlaidh.

(6) Maidir le deimhniú arna eisiúint faoi fho-alt (4) a thabhairt ar aird do chúirt nó don Údarás Clárúcháin Maoine, ar deimhniú é a airbheartaíonn luach maoine arna chinneadh faoi fho-alt (2) a lua, beidh sé, gan cruthúnas ar shíniú an Choimisinéara nó aon duine eile a bheidh údaraithe go cuí ag an gCoimisinéir, ina fhianaise leordhóthanach, go dtí go gcruthófar a mhalairt, ar na nithe a bheidh luaite sa deimhniú.

(7) San alt seo agus in alt 67B, ciallaíonn "Acht 1978" an tAcht um Thiarnaí Talún agus Tionóntaí (Bunchíosanna) (Uimh. 2), 1978.

**Luacháil inrátaithe maoine chun críocha choinníoll 5 d'alt 10 d'Acht 1978**

**67B.** (1) Féadfaidh an Coimisinéir, chun críocha choinníoll 5 d'alt 10 d'Acht 1978, cóipshliocht deimhnithe as liosta luachála a bhí ar marthain ar dháta deonaithe léasa ar mhaoin dá dtagraítear sa choinníoll sin (ar leith ó shliocht as liosta luachála arna fhoilsiú faoin Acht seo) a eisiúint ina luafar luacháil inrátaithe na maoine sin ar dháta an deonaithe sin.

(2) Aon tagairt san alt seo do chóipshliocht deimhnithe as liosta luachála, folaíonn sí tagairt do chóipshliocht as liosta luachála arna dheimhniú ag duine a bheidh údaraithe go cuí ag an gCoimisinéir chun cóipshliocht den sórt sin a dheimhniú amhlaidh.

(3) Maidir le cóipshliocht deimhnithe as liosta luachála arna eisiúint faoin alt seo, measfar, go dtí go gcruthófar a mhalairt, gur cóip dhílis den sliocht sin é.

(4) Maidir le cóipshliocht deimhnithe as liosta luachála arna eisiúint faoi fho-alt (1) a thabhairt ar aird do chúirt nó don Údarás Clárúcháin Maoine, ar cóipshliocht é a airbheartaíonn a bheith ina shliocht as liosta luachála, beidh sé, gan cruthúnas ar shíniú an Choimisinéara nó aon duine eile a bheidh údaraithe go cuí ag an gCoimisinéir, ina fhianaise leordhóthanach, go dtí go gcruthófar a mhalairt, ar na nithe a bheidh luaite sa doiciméad.".

**Gearrtheideal, comhlua agus tosach feidhme**

**7.** (1) Féadfar an tAcht um Thiarnaí Talún agus Tionóntaí (Bunchíosanna) (Leasú), 2019 a ghairm den Acht seo.

(2) Féadfar na hAchtanna um Thiarnaí Talún agus Tionóntaí, 1967 go 2019 a ghairm, le chéile, de na hAchtanna um Thiarnaí Talún agus Tionóntaí, 1967 go 2008 agus den Acht seo, seachas *alt 6*.

(3) Féadfar na hAchtanna Luachála, 2001 go 2019 a ghairm, le chéile, de na hAchtanna Luachála, 2001 go 2015 agus *d'alt 6*.

(4) Tiocfaidh an tAcht seo i ngníomh cibé lá nó laethanta a cheapfaidh an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais le hordú nó le horduithe i gcoitinne nó faoi threoir aon chríoch nó foráil áirithe agus féadfar laethanta éagsúla a cheapadh amhlaidh chun críoch éagsúil nó le haghaidh forálacha éagsúla.

BAILE ÁTHA CLIATH
ARNA FHOILSIÚ AG OIFIG AN tSOLÁTHAIR
Le ceannach díreach ó
FOILSEACHÁIN RIALTAIS,
52 FAICHE STIABHNA, BAILE ÁTHA CLIATH 2.
(Teil: 01 - 6476834 nó 1890 213434; Fax: 01 - 6476843)
nó trí aon díoltóir leabhar.

DUBLIN
PUBLISHED BY THE STATIONERY OFFICE
To be purchased from
GOVERNMENT PUBLICATIONS,
52 ST. STEPHEN'S GREEN, DUBLIN 2.
(Tel: 01 - 6476834 or 1890 213434; Fax: 01 - 6476843)
or through any bookseller.

€1.27

ISBN 978-1-4468-6929-1

Wt. _. 22. 3/21. Essentra. (87041). Gr.30-15.